CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1646 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Lúnasa 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó le codanna de na caighdeáin chomhchuibhithe sin, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2016)5884 ([3]) ón gCoimisiún, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú trí chaighdeáin chomhchuibhithe atá ann cheana mar thacaíocht le Treoir 2014/33/AE chun a áirithiú go mbeidh siad fós ag teacht leis an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne, chun na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/33/AE a chomhlíonadh, agus, i gcás inarb ábhartha, na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a chomhlíonadh, mar a leagtar amach i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/33/AE.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884 ón gCoimisiún, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-21:2009 arna leasú le EN 81-21:2009+A1:2012, EN 81-28:2003, EN 81-58:2003, EN 81-70:2003 arna leasú le EN 81-70:2003/A1:2004 agus caighdeán comhchuibhithe EN 81-77:2013, caighdeán a bhfoilsítear tagairt dó le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún ([5]). Rinneadh an t-athbhreithniú chun na caighdeáin sin a chur in oiriúint do chreat dlíthiúil Threoir 2014/33/AE agus chun cur leis an deimhneacht dhlíthiúil agus an tsoiléireacht trí fhaisnéis níos beaichte a sholáthar in Iarscríbhinn ZA de na caighdeáin sin agus trí thagairtí normatacha a dhátú. Mar thoradh air sin, ghlac CEN caighdeáin EN 81-21:2022 maidir le hardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí nua i

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí. (IO L 96, 29.3.2014, lch. 251).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2016 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí chun tacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí a dréachtaíodh mar thacú le Treoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 27, 27.1.2021, lch. 20).

bhfoirgneamh atá ann cheana, EN 81-28:2022 maidir le haláram cianda ar ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí, EN 81-58:2022 maidir le tástáil dó-obachta ar dhoirse léibheann, EN 81-70:2021+A1:2022 maidir le hinrochtaineacht ardaitheoirí do dhaoine agus daoine faoi mhíchumas san áireamh agus caighdeán comhchuibhithe EN 81-77:2022 maidir le hardaitheoirí atá faoi réir ag dálaí seismeacha, ach ní dhearnadh aon athruithe teicniúla substainteacha ar na caighdeáin sin.

(4) Rinne an Coimisiún, in éineacht le CEN, measúnú féachaint an gcomhlíonann caighdeáin chomhchuibhithe EN 81-21:2022, EN 81-28:2022, EN 81-58:2022, EN 81-70:2021+A1:2022, agus caighdeán comhchuibhithe EN 81-77:2022 an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 5884.

(5) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 81-21:2022, EN 81-28:2022, EN 81-58:2022, EN 81-70:2021+A1:2022, agus EN 81-77:2022, comhlíonann siad na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/33/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Cuirtear ar fáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/33/AE. Maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/33/AE, chun a áirithiú go ndéanfar iad uile a liostú in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-21:2022, EN 81-28:2022, EN 81-58:2022, EN 81-70:2021+A1:2022 agus EN 81-77:2022 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(7) Is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-21:2009 arna leasú le EN 81-21:2009+A1:2012, EN 81-28:2003, EN 81-58:2003, EN 81-70:2003 arna leasú le EN 81-70:2003/A1:2004 agus caighdeán comhchuibhithe EN 81-77:2013 d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a tharraingt siar, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 a leasú dá réir.

(9) D'fhonn a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm na gcaighdeán athbhreithnithe, is gá tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 81-21:2009 arna leasú le EN 81-21:2009+A1:2012, EN 81-28:2003, EN 81-58:2003, EN 81-70:2003 arna leasú le EN 81-70:2003/A1:2004 agus caighdeán comhchuibhithe EN 81-77:2013 a chur siar.

(10) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/76 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (1), (3), (5), (7) agus (9) den Iarscríbhinn ón 21 Feabhra 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) scriostar iontráil 2;

(2) cuirtear isteach an iontráil 2a seo a leanas:

‘2a.	EN 81-21:2022 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí chun earraí agus daoine a iompar - Cuid 21: Ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí nua paisinéirí agus earraí i bhfoirgneamh atá ann cheana;’

(3) scriostar iontráil 4;

(4) cuirtear isteach an iontráil 4a seo a leanas:

‘4a.	EN 81-28:2022 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Ardaitheoirí chun earraí agus daoine a iompar - Cuid 28: Aláram cianda ar ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earra**’;**

(5) scriostar iontráil 6;

(6) cuirtear isteach an iontráil 6a seo a leanas:

‘6a.	EN 81-58:2022 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Scrúdú agus tástálacha - Cuid 58: Tástáil dó-obachta ar dhoirse léibheann’;

(7) scriostar iontráil 7;

(8) cuirtear isteach an iontráil 7a seo a leanas:

‘7a.	EN 81-70:2021+A1:2022 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna faoi leith le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 70: Inrochtaineacht ardaitheoirí do dhaoine agus daoine faoi mhíchumas san áireamh’;

(9) scriostar iontráil 11;

(10) cuirtear isteach an iontráil 11a seo a leanas:

‘11a.	EN 81-77:2022 Rialacha sábháilteachta maidir le tógáil agus suiteáil ardaitheoirí - Feidhmeanna faoi leith le haghaidh ardaitheoirí paisinéirí agus ardaitheoirí paisinéirí agus earraí - Cuid 77: Ardaitheoirí atá faoi réir coinníollacha seismeacha’.